Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**10518/1/25**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0172 (COD)**

**SIMPL 56**
**ANTICI 64**
**INDEF 61**
**MAP 19**
**CSC 307**
**ENV 566**
**COMPET 581**
**ENT 105**
**MI 421**
**CHIMIE 52**
**CODEC 850**
***EDA***

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| dáta a fuarthas: | 18 Meitheamh 2025 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 821 final/2 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le dlús a chur le deonú ceadanna le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 821 final/2.

---

Faoi iamh: COM(2025) 821 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 17.6.2025
COM(2025) 821 final/2

2025/0172 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le dlús a chur le deonú ceadanna le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta

{SWD(2025) 820 final}

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Le hionradh na Rúise ar an Úcráin, leagadh béim ar an ngá atá le margadh neartaithe uile-Aontais le haghaidh táirgí cosanta, margadh a bheadh in ann tacú le hullmhacht cosanta na mBallstát i bhfianaise bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn. Leis an gcoinbhleacht leanúnach sin, nochtadh leochaileachtaí i dtírdhreach cosanta na hEorpa, rud lena léirítear a thábhachtaí atá bonn tionsclaíoch cosanta comhtháite athléimneach. Tá margadh cosanta an Aontais a fheidhmíonn go maith ríthábhachtach chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag na Ballstáit ar na cumais chosanta, na teicneolaíochtaí cosanta agus na táirgí cosanta is gá chun freagairt go héifeachtach do dhúshláin slándála atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

Bhí tionchar mór ag an tírdhreach geopholaitiúil atá ag athrú ar mhargadh cosanta an Aontais, agus suaitheadh ar shlabhraí soláthair, éileamh méadaithe ar tháirgí cosanta agus gá atá ag méadú le réitigh idir-inoibritheacha agus nuálacha. Mar sin féin, níl an reachtaíocht atá ann cheana a bhfuil tionchar aici ar mhargadh cosanta an Aontais curtha in oiriúint do na dúshláin atá ann faoi láthair, rud lena gcuirtear bac ar chumas na mBallstát freagairt go tapa agus go héifeachtach do bhagairtí atá ag teacht chun cinn. Is minic a bhíonn an creat atá ann cheana, creat a forbraíodh in aimsir na síochána, mall chun freagairt do riachtanais phráinneacha na mBallstát, agus ní chuireann sé na dreasachtaí is gá ar fáil chun infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus i bhforbairt cosanta, go háirithe chun infheistíochtaí cosanta EUR 800 billiún ar a laghad a éascú sna 4 bliana amach romhainn, mar a léirítear sa Pháipéar Bán Comhpháirteach maidir le hullmhacht cosanta[1].

Mar fhreagairt ar na dúshláin sin, ní mór don Aontas bearta a dhéanamh chun an margadh uile-Aontais le haghaidh táirgí cosanta a neartú, agus bonn tionsclaíoch cosanta níos comhtháite agus níos iomaíche a chur chun cinn. Trí mhargadh cosanta níos láidre agus níos athléimní a chruthú san Aontas agus tríd an mbonneagar is gá a fhorbairt, is féidir leis an Aontas tacú le hullmhacht cosanta na mBallstát, uathriail straitéiseach na hEorpa a chur chun cinn agus rannchuidiú le timpeallacht slándála Eorpach níos cobhsaí agus níos sláine.

Tá an togra seo mar chuid den Omnibus um Ullmhacht Cosanta. Chomh maith leis an rialachán atá ann cheana sna gníomhartha eile a shimpliú, leagtar síos leis an togra seo nós imeachta mear tiomnaithe a bhunú chun ceadanna a dheonú a bhaineann le hullmhacht cosanta.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is é is aidhm don togra na forálacha lena rialaítear an margadh cosanta ar fud an Aontais a oiriúnú don chás slándála atá ann faoi láthair, trí choigeartuithe spriocdhírithe a thabhairt isteach lena simpleofar nósanna imeachta riaracháin, lena laghdófar an rómhaorlathas agus lena gcuirfear réitigh níos solúbtha ar fáil. Trí nósanna imeachta a chuíchóiriú agus bacainní maorlathacha a laghdú, féachann an togra le margadh cosanta an Aontais a chruthú a bheidh níos solúbtha agus níos freagrúla, a bheidh in ann tacú le hullmhacht cosanta na mBallstát agus forbairt tionscail cosanta Eorpaigh atá iomaíoch agus nuálach a chur chun cinn.

[1] Páipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa 2030, JOIN(2025) 120 final, an 19 Márta 2025

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an togra, cuirfear leis na cuspóirí maidir le cumais chosanta an Aontais a fheabhsú agus a neamhspleáchas straitéiseach a neartú, agus ag an am céanna tacófar le teicneolaíochtaí cosanta nuálacha agus inbhuanaithe a fhorbairt. Leis an nós imeachta mear um cheadú a bhunaítear leis an togra seo, éascófar cur chun feidhme tapa tionscadal ullmhachta cosanta agus infheistíochtaí cosanta a bhfuil coinne leo ar fiú EUR 800 billiún iad ar a laghad sna 4 bliana amach romhainn, rud a áiritheoidh gur féidir le tionscal cosanta an Aontais freagairt go tapa do dhúshláin slándála atá ag teacht chun cinn agus rannchuidiú le cosaint shaoránaigh na hEorpa. Tríd an bpróiseas deonaithe ceadanna a chuíchóiriú, cuideoidh an togra seo freisin le hualaí riaracháin agus costais ar chuideachtaí cosanta a laghdú, rud a chuirfidh é ar a gcumas dóibh díriú ar riachtanais Bhallstáit an Aontais a chomhlíonadh maidir le teicneolaíochtaí ceannródaíocha a fhorbairt agus poist ardoilte a chruthú.

Rannchuideoidh na bearta atá beartaithe freisin le hathléimneacht agus le uathriail straitéiseach an Aontais trí shlándáil soláthair na bpríomhtheicneolaíochtaí a bhaineann le cosaint a áirithiú, rud atá ríthábhachtach chun tacú le cumais chosanta an Aontais a fhorbairt ar mhaithe leis an ord poiblí leis an tslándáil. Trí thionscal cosanta láidir nuálach a chur chun cinn, cuideoidh an togra seo le spleáchas an Aontais ar sholáthróirí tríú tír a laghdú agus cuirfidh sé feabhas ar an gcumas atá aige freagairt do dhúshláin slándála atá ag teacht chun cinn.

Tá an togra comhsheasmhach le beartais an Aontais i réimsí na sábháilteachta, na sláinte agus an chomhshaoil toisc nach n-íslíonn sé caighdeáin ach go bhfuil sé d'aidhm aige dlús a chur leis na nósanna imeachta. Tá an togra gan dochar don leibhéal grinnscrúdaithe dá bhforáiltear sna próisis ceadanna is infheidhme.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 114 CFAE an bunús dlí atá leis an togra seo. Is é is cuspóir do na bearta a mholtar sa rialachán seo dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú, go háirithe an Margadh Cosanta uile-Aontais. I bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, ní mór do Bhallstáit an Aontais a n-ullmhacht cosanta a mhéadú go tapa. Chuige sin, beidh gá le hinfheistíochtaí san ullmhacht cosanta le haghaidh fheidhmiú an Mhargaidh Cosanta ar fud an Aontais (amhail monarchana monaraíochta, saoráidí tástála, chomh maith leis an mbonneagar is gá). Maidir le tionscadail forbartha den sórt sin arb é is aidhm dóibh ullmhacht cosanta na mBallstát nó an Aontais a mhéadú, ní mór roinnt ceadanna a dheonú ina leith. Dá ndéanfaí foráil i gcodanna áirithe den mhargadh inmheánach maidir le próiseas deonaithe ceadanna i bhfad níos giorra, bheadh riosca tromchúiseach ann d'fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh. Leis an togra seo, áiritheofar go gcaithfear go tapa agus go comhchuibhithe leis an bpróiseas deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta ar fud na mBallstát.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra a bhaint amach agus iad ag gníomhú ina n-aonar, ós rud é go bhfuil na fadhbanna de chineál trasteorann. Tá an tionscal cosanta an-chomhtháite agus idirnasctha, agus tá cuideachtaí ag feidhmiú ar fud roinnt Ballstát agus tá siad ag brath ar shlabhraí soláthair casta a théann thar theorainneacha náisiúnta. Dírítear sna gníomhaíochtaí atá beartaithe ar réimsí ina bhfuil breisluach inléirithe trí ghníomhú ar leibhéal an Aontais mar gheall ar scála, luas agus raon feidhme na n-iarrachtaí is gá. Trí nós imeachta mear um cheadú

a bhunú ar leibhéal an Aontais, is é is aidhm don togra cothrom iomaíochta a chruthú le haghaidh cuideachtaí cosanta atá ag feidhmiú san Aontas, rud lena n-áiritheofar gur féidir leo freagairt go tapa agus borradh a chur faoi tháirgeadh tionsclaíoch cosanta ar bhealach éifeachtach. Le hiarrachtaí comhchoiteanna cosanta an Aontais, éilítear cur chuige comhordaithe, agus éascóidh an sásra atá beartaithe imscaradh tapa tionscadal um ullmhacht cosanta.

Mar thoradh ar easpa comhordaithe idir na Ballstáit a mhéid a bhaineann le láimhseáil an phróisis deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail um ullmhacht cosanta, d'fhéadfadh sodar go grinneall maidir le rialáil a bheith ann, nó d'fhéadfadh codanna áirithe den mhargadh inmheánach buntáiste iomaíoch a fháil. Bheadh sé sin neamh-inmhianaithe toisc go mbeadh tionchar diúltach aige ar shlándáil sholáthar na dtáirgí cosanta, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar an gcumas atá ag an Aontais freagairt do bhagairtí slándála atá ag teacht chun cinn. Níl tionchar ag an sásra atá beartaithe ar bhunús fíorasach dheonú na gceadanna lena mbaineann ach bunaítear pointe teagmhála aonair sna Ballstáit agus bealach níos solúbtha chun déileáil le hiarratais ar cheadanna. Cuirfidh sé sin ar a gcumas do chuideachtaí cosanta na ceadanna ábhartha a fháil ar bhealach níos éifeachtúla, agus áiritheofar ag an am céanna go gcloífear leis na caighdeáin chomhshaoil, sláinte agus sábháilteachta is gá.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta sa mhéid nach dtéann sé thar an méid is lú is gá chun na cuspóirí atá sonraithe a bhaint amach ar leibhéal na hEorpa ná thar an méid is gá chuige sin.

I bhfianaise na staide geopholaitiúla nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, na bagartha móire do shlándáil an Aontais agus scála na cosanta in infheistíochtaí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo sna 4 bliana amach romhainn, tá an cur chuige beartais atá beartaithe comhréireach le scála agus tromchúis na bhfadhbanna a sainaithníodh. Ceapadh an togra chun ullmhacht cosanta na mBallstát a neartú trí bhearta chun feidhmiú rianúil an mhargaidh cosanta ar fud an Aontais a áirithiú i bhfianaise mhéadú ollmhór práinneach na n-acmhainneachtaí táirgeachta cosanta.

- **An rogha ionstraime**

Is é Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mholann an Coimisiún. Is í sin an ionstraim dlí is oiriúnaí toisc nach féidir ach le Rialachán an leibhéal aonfhoirmeachta is gá a sholáthar chun imscaradh tionscadal ullmhachta cosanta a éascú, lena chur i bhfeidhm aonfhoirmeach, a chineál ceangailteach agus a infheidhmeacht dhíreach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bhí an próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara cuimsitheach, próiseas ina raibh suirbhé poiblí a bhí ar oscailt go dtí an 22 Aibreán 2025, chomh maith le sraith cruinnithe spriocdhírithe leis na Ballstáit, le hionadaithe gnó ábhartha ón Aontas agus le

príomhpháirtithe leasmhara eile. Tríd an bpróiseas comhairliúcháin sin, mar aon le taithí an Choimisiúin ar an reachtaíocht ábhartha a chur chun feidhme, sainaithníodh príomhbhacainní agus dúshláin laistigh de thimpeallacht rialála an Aontais. Bunaithe ar ionchur luachmhar a fuarthas agus ar shaineolas an Choimisiúin, is é is aidhm do na tograí a leagtar amach sa Rialachán seo aghaidh a thabhairt ar na príomh-shaincheisteanna sin agus feabhas a chur ar éifeachtacht fhoriomlán chreat rialála an Aontais.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar

- **Measúnú tionchair**

Sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025, d'iarr sí ar an gCoimisiún dlús a chur leis *'an obair ar gach snáithe chun dlús cinntitheach a chur le hullmhacht cosanta na hEorpa sna 5 bliana amach romhainn*'. Ina theannta sin, sna conclúidí céanna, d'iarr an Chomhairle Eorpach go sainráite ar an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh go pras maidir leis an tslándáil agus leis an gcosaint.

Mar gheall ar a phráinní atá an togra, atá ceaptha chun tacú le tionscal cosanta na hEorpa a oiriúnú go tapa don timpeallacht gheopholaitiúil nua agus chun cabhrú le tír atá i mbun cogaidh ó thús 2023, níorbh fhéidir measúnú tionchair a dhéanamh sula nglacfaí an Omnibus um Ullmhacht Cosanta. Laistigh de 3 mhí tar éis ghlacadh an togra seo, tíolacfaidh an Coimisiún Doiciméad Inmheánach Oibre chun údar mionsonraithe a thabhairt leis an ngníomhaíocht reachtach sin agus míneoidh sé a iomchuí atá sé chun na cuspóirí beartais sainaitheanta a bhaint amach i gcomhréir leis na rialacha ábhartha maidir le Rialáil Níos Fearr.

Baineann an togra le hathruithe teoranta spriocdhírithe ar an reachtaíocht. Tá siad bunaithe ar thaithí a fuarthas ó reachtaíocht a chur chun feidhme. Ní bhíonn tionchar mór ag na hathruithe ar an mbeartas, agus ní áirithítear leo ach cur chun feidhme níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí. Mar gheall ar chineál spriocdhírithe na n-athruithe agus an easpa roghanna beartais ábhartha, ní gá measúnú tionchair a dhéanamh. Mar sin féin, breathnaítear sa Teachtaireacht atá i gceangal leis seo ar ghnéithe maidir le tionchar na mbeart sin, lena n-áirítear anailís ar thorthaí suirbhé phoiblí de chuid an Aontais a rinneadh sa chomhthéacs sin.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Maidir leis an togra chun pointe teagmhála aonair a bhunú le haghaidh imeachtaí a bhaineann le ceadanna le haghaidh na hearnála cosanta, mar aon le nós imeachta mear um cheadú, meastar go mbeidh tionchar dearfach aige ar chostais chomhlíontachta a íoslaghdú le haghaidh FBManna, cuideachtaí móra agus páirtithe leasmhara eile san earnáil cosanta. Trí phointe teagmhála aonair a bhunú sna Ballstáit, ní bheidh ar chuideachtaí nascleanúint a dhéanamh a thuilleadh ar roinnt údarás agus comhlachtaí riaracháin chun ceadanna a fháil, rud a laghdóidh an t-am agus na hacmhainní a chaitear ar chúraimí riaracháin. Leis an simpliú sin ar nósanna imeachta riaracháin, déanfar an éiginnteacht a laghdú go mór, rud a thabharfaidh níos mó cinnteachta agus intuarthachta do chuideachtaí cosanta, rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh a ngníomhaíochtaí ullmhachta cosanta a phleanáil le muinín níos láidre.

Leis an nós imeachta mear, lena dtoimhdítear gur deonaíodh cead mura bhfaightear aon fhreagra faoin sprioc-am atá leagtha síos, cuirfear dlús freisin leis an bpróiseas um cheadanna a eisiúint, rud a chuirfidh ar a gcumas do chuideachtaí cosanta tús a chur lena dtionscadail níos luaithe, rud a laghdóidh moilleanna agus a íoslaghdóidh na costais ghaolmhara. Cuirfidh

an próiseas cuíchóirithe sin feabhas ar iomaíochas earnáil cosanta an Aontais, go háirithe i gcás FBManna, a bheidh in ann freagairt níos tapúla do dhálaí athraitheacha an mhargaidh agus do riachtanais custaiméirí. Le próiseas eisiúna ceadanna níos éifeachtúla agus níos intuartha, beidh earnáil cosanta an Aontais níos tarraingtí d'infheisteoirí, idir infheisteoirí intíre agus infheisteoirí eachtracha, rud a d'fhéadfadh infheistíocht agus fás méadaithe san earnáil a bheith mar thoradh air.

Éascóidh sé sin trádáil san earnáil cosanta, go háirithe do FBManna, a bheidh in ann a dtáirgí agus a seirbhísí a onnmhairiú ar bhealach níos éasca, rud a chuirfidh le fás na trádála idirnáisiúnta. Trí phointe teagmhála aonair agus nós imeachta mear a bhunú, éascófar freisin comhar idir cuideachtaí cosanta an Aontais agus a gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, rud a chuirfidh forbairt tionscadal comhpháirteach agus comhair chun cinn, agus rud a áiritheoidh comhlíonadh comhaontuithe idirnáisiúnta agus ceanglais chomhréireacha ag an am céanna chun an t-ualach riaracháin ar FBManna agus ar pháirtithe leasmhara eile a íoslaghdú.

- **Cearta bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Arna iarraidh sin do Bhallstát, beidh cúnamh le haghaidh fothú acmhainneachta chun tacú le pointe teagmhála aonair a bhunú nó a oibriú incháilithe do chistiú faoin gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach (EDIP) nuair a ghlacfar é agus laistigh d'imchlúdach comhaontaithe an chláir. Tagann an tacaíocht fothaithe acmhainneachta faoin togra seo faoi raon feidhme na ngníomhaíochtaí tacaíochta faoi EDIP. Mar gheall ar na himpleachtaí buiséadacha teoranta, ní ullmhófar aon ráiteas airgeadais reachtach.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

  Bunaítear leis an Rialachán seo próisis deonaithe ceadanna chuíchóirithe le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta. Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil náisiúnta a fheidhmeoidh mar phointe teagmhála aonair, rud a rachaidh chun tairbhe gach tionscadail ullmhachta cosanta, ar údarás é a bheidh i gceannas ar chomhordú agus éascú an cheadaithe, ar oibreoirí eacnamaíocha a threorú, agus a áiritheoidh go mbeidh rochtain ag an bpobal ar fhaisnéis agus gur féidir gach doiciméad a chur isteach go digiteach. Leagtar síos sa Rialachán amlínte mionsonraithe le haghaidh nósanna imeachta um cheadú. Tá an togra ag teacht le reachtaíocht an Aontais maidir le ceadú.

2025/0172 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le dlús a chur le deonú ceadanna le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an tAontas ag tabhairt aghaidh ar bhagairt ghéar mhéadaitheach, mar a cuireadh i bhfios go láidir sa Pháipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta Eorpach 2030[3], a bhaineann le coinbhleacht iomlán a bheith ann arís san Eoraip. Mar fhreagairt ar an dúshlán sin, ar dúshlán é atá ag dul in olcas, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an tAontas gníomhaíocht chinntitheach chun a ullmhacht cosanta a neartú. Tá práinn le dlús a chur le hullmhacht cosanta na hEorpa chun a áirithiú go mbeidh seasamh cosanta láidir leordhóthanach ag an Eoraip faoi 2030 ar a dhéanaí. Ar bhonn réamh-mheastacháin maidir le glacadh de réir a chéile na n-ionstraimí atá beartaithe faoi Phlean ReArm Europe, d'fhéadfadh EUR 800 billiún ar a laghad a bheith san infheistíocht sa réimse cosanta sna 4 bliana amach romhainn. Gné ríthábhachtach den iarracht sin is ea an gá atá le dlús a chur le hacmhainneacht táirgeachta cosanta an Aontais, rud a chuirfidh é ar a chumas dó freagairt go héifeachtach do bhagairtí slándála atá ag teacht chun cinn. Chun an sprioc sin a bhaint amach, tá simpliú rialála agus comhchuibhiú fíor-riachtanach. Trí chreataí rialála a chuíchóiriú agus a ailíniú, is féidir leis an Aontas timpeallacht níos fabhraí a chruthú do thionscail chosanta chun oibriú, nuáil agus na cumais is gá a tháirgeadh chun ullmhacht slándála agus cosanta na hEorpa a áirithiú.

(2) Sa chomhthéacs sin, ba cheart ullmhacht cosanta a thuiscint mar chumas na mBallstát géarchéimeanna a bhaineann le cosaint a réamh-mheas, a chosc agus freagairt dóibh, dá dtagraítear i dTreoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] trí chur chuige réamhghníomhach comhordaithe. Áirítear leis sin infhaighteacht na

---

2

3 Páipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa 2030, JOIN(2025) 120 final, an 19 Márta 2025

4 Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/81/oj).

hacmhainneachta tionsclaíche cosanta is gá a áirithiú chun na hacmhainní, na cumais agus an bonneagar is gá a fháil agus a choinneáil ar bun d'fhonn freagairt go héifeachtach do ghéarchéimeanna den sórt sin.

(3) Chun saoráidí, bonneagar agus gníomhaíochtaí a bhaineann le hullmhacht cosanta a chur ar bun nó a leathnú, is minic gur gá iarratas a dhéanamh ar roinnt ceadanna agus formheasanna ábhartha. Na próisis deonaithe ceadanna atá ann cheana le haghaidh measúnuithe thar réimsí éagsúla, is minic a bhíonn siad fada agus anásta. Níl forálacha uile-Aontais sna nósanna imeachta sin faoi láthair maidir le próisis mheara a bhaineann go sonrach le gníomhaíochtaí ullmhachta cosanta, rud a chuireann bac ar bhorradh a chur faoi tháirgeadh cosanta go tráthúil agus ar ghníomhaíochtaí agus infheistíochtaí ullmhachta cosanta atá ríthábhachtach chun freastal ar éilimh slándála atá ag teacht chun cinn.

(4) Áirithítear leis an bpróiseas deonaithe ceadanna náisiúnta go mbeidh tionscadail ullmhachta cosanta sábháilte agus slán, agus go gcomhlíonann siad ceanglais chomhshaoil, shóisialta agus sábháilteachta eile. Le dlí comhshaoil an Aontais, leagtar síos coinníollacha comhchoiteanna maidir le hábhar an phróisis deonaithe ceadanna náisiúnta, rud a áirithíonn ardleibhéal cosanta comhshaoil agus a éascaíonn saothrú inbhuanaithe acmhainneacht an Aontais feadh an tslabhra luacha amhábhar.

(5) An tráth céanna, le hintuarthacht, castacht agus, go minic, fad iomarcach na bpróiseas deonaithe ceadanna náisiúnta, baintear an bonn den tslándáil infheistíochta is gá chun ullmhacht cosanta na mBallstát a neartú go héifeachtach. D'fhéadfadh struchtúr agus fad an phróisis deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail ábhartha a bheith an-éagsúil ó Bhallstát go Ballstát freisin. Dá bhrí sin, chun a gcur chun feidhme éifeachtach a áirithiú agus dlús a chur leis, ba cheart do na Ballstáit próisis deonaithe ceadanna chuíchóirithe agus intuartha a chur i bhfeidhm maidir le próisis a ghabhann le tionscadail ullmhachta cosanta.

(6) Cé go bhfuil bearta déanta ag Ballstáit áirithe nó gur dócha go ndéanfaidh siad bearta chun dlús a chur leis na próisis deonaithe ceadanna don tionscal cosanta, d'fhéadfaí é sin a dhéanamh ar bhealaí éagsúla a mbeadh bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh san earnáil cosanta mar thoradh orthu. Tá sé cruthaithe go bhfuil reachtaíocht náisiúnta éagsúil, maidir le próiseas deonaithe ceadanna pleanála na dtionscadal cosanta, ina scrogaill ar shlabhraí soláthair táirgí cosanta ábhartha Eorpacha. Chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, is gá rialacha comhchuibhithe a bhunú maidir le dlús a chur leis na próisis deonaithe ceadanna.

(7) Cé gur féidir le hinstitiúidí an Aontais treoraíocht agus creataí a sholáthar, is ar na Ballstáit go príomha atá an fhreagracht as mearphróisis deonaithe ceadanna a údarú agus a éascú. Is iad na Ballstáit is fearr atá in ann athruithe a chur chun feidhme a fhreastalaíonn ar a dtimpeallachtaí sonracha riaracháin agus rialála.

(8) Tá géarghá le castacht agus fad na bpróiseas deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta a laghdú. Trí chreataí náisiúnta um cheadú a bhunú lena dtabharfar tús áite do na tionscadail sin agus lena n-áiritheofar go ndéanfar iad a phróiseáil go tapa, tá sé d'aidhm ag an Aontas feabhas a chur ar a acmhainneacht táirgeachta cosanta agus ar a ullmhacht faoi 2030 ar a dhéanaí.

(9) Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ba cheart don tionscal cosanta tairbhe a bhaint as rialacha a bhfuil sé cruthaithe ina leith go bhfuil siad éifeachtach maidir le próisis deonaithe ceadanna tionsclaíocha a chuíchóiriú. Agus é mar aidhm sprioc-amanna ceadaithe a laghdú le haghaidh ghníomhaíochtaí an tionscail cosanta, lena

n-áirítear gléasraí nua agus bonneagar gaolmhar a thógáil, na saoráidí atá ann cheana a leathnú, suíomhanna tástála a bhunú, oiliúint agus deimhniú, agus na forálacha is infheidhme atá ann cheana a fhorbairt agus a leathnú ag an am céanna.

(10) Is cuid lárnach den nós imeachta um dheonú ceadanna é dlí an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear, mar shampla, comhlíontacht maidir le huisce, bainistiú dramhaíola, aer, éiceachórais, gnáthóga, seandálaíocht, bithéagsúlacht agus cosaint éan, agus le haghaidh na hearnála cosanta freisin. Is coimirce fhíor-riachtanach iad na rialacha sin chun a áirithiú go ndéanfar tionchair dhiúltacha a chosc nó a íoslaghdú. Mar sin féin, chun a áirithiú go mbeidh na nósanna imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta intuartha agus tráthúil, ba cheart aon acmhainneacht chun na measúnuithe agus na húdaruithe is gá a chuíchóiriú a bhaint amach, agus sin gan, cuir i gcás, leibhéal na cosanta comhshaoil a ísliú an tráth céanna. Chuige sin, ba cheart a áirithiú go ndéanfar na measúnuithe is gá a chuachadh chun forluí neamhriachtanach a chosc.

(11) Chun próiseáil éifeachtúil thráthúil na n-iarratas riaracháin ar cheadú a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhachta cosanta agus uas-scálú an táirgthe cosanta a éascú, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh na húdaráis náisiúnta inniúla nósanna imeachta meara chun feidhme. Ba cheart do na húdaráis sin an chóir dhlíthiúil is tapa is féidir a sholáthar le haghaidh na n-iarratas sin, rud a chumasóidh freagairtí tráthúla do riachtanais ullmhachta cosanta.

(12) Maidir le pointe teagmhála aonair a bhunú le haghaidh iarratais tionscail maidir le ceadanna a bhaineann le gníomhaíochtaí cosanta, tá sé sin ceaptha chun an chumarsáid a chuíchóiriú, ualaí riaracháin a laghdú agus an próiseas deonaithe ceadanna a bhrostú a thuilleadh le sprioc-amanna soiléire atá ceangailteach ó thaobh dlí, agus ar an gcaoi sin conair éifeachtúil a sholáthar d’fheidhmeanna tionsclaíocha a bhaineann leis an gcosaint. Thairis sin, tabharfaidh sé cinnteacht d’infheisteoirí trína áirithiú go láimhseálfar iarratais ar cheadú go tapa agus trí na rioscaí d’infheistíochtaí a bhaineann le nósanna imeachta fadálacha a theorannú.

(13) Chun dlús a chur le baint amach acmhainneacht oibríochtúil iomlán na bpointí teagmhála aonair, ba cheart do na Ballstáit, a mhéid is féidir, leas a bhaint as comhlántacht fhéideartha leis na pointí teagmhála aonair atá ann cheana, mar shampla na pointí sin arna mbunú faoi Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] nó Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

(14) Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit an tacaíocht riaracháin is gá a sholáthar do thionscadail ullmhachta cosanta atá lonnaithe ar a gcríoch, chun a gcur chun feidhme tráthúil agus éifeachtach a éascú, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais fiontar beag agus meánmhéide agus fiontar meánchaipitlithe a bhfuil baint acu leis na tionscadail sin, trí chúnamh a sholáthar maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí riaracháin agus tuairiscithe is infheidhme, an pobal a chur ar an eolas chun an glacadh leis na

---

[5] Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L, 2024/1735, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1735/oj).

[6] Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (IO L, 2024/1252, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1252/oj).

tionscadail a mhéadú agus tionscnóirí tionscadail a threorú tríd an bpróiseas deonaithe ceadanna.

(15) Féadfaidh an Coimisiún tacaíocht fothaithe acmhainneachta a thairiscint don phointe teagmhála aonair, lena n-áirítear cúnamh teicniúil, oiliúint, faireachán agus meastóireacht, agus é mar aidhm aige na cumais, na próisis agus na hacmhainní nach mór na pointí teagmhála aonair a fhorbairt chun críocha an Rialacháin seo a fhorbairt agus a neartú. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht den sórt sin a iarraidh agus tiocfaidh sí faoi raon feidhme gníomhaíochtaí tacaíochta faoin gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach [*tagairt le cur isteach nuair a ghlacfar EDIP*].

(16) Chun soiléireacht a áirithiú maidir le stádas ceadaithe na dtionscadal ullmhachta cosanta agus chun éifeachtacht dlíthíochta mí-úsáidí a d'fhéadfadh a bheith ann a theorannú, agus gan an bonn a bhaint d'athbhreithniú breithiúnach éifeachtach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar aon díospóid a bhaineann leis an bpróiseas deonaithe ceadanna maidir le tionscadail ullmhachta cosanta a réiteach go tráthúil. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag tionscnóirí tionscadail ar nósanna imeachta simplí um réiteach díospóidí agus go mbeidh tionscadail ullmhachta cosanta faoi réir láimhseáil phráinneach i ngach nós imeachta riaracháin, breithiúnach agus réitigh díospóide a bhaineann leis na tionscadail a mhéid a fhoráiltear do nósanna imeachta práinne den sórt sin sa dlí náisiúnta.

(17) Chun an tslándáil agus an tsoiléireacht is gá a sholáthar do thionscnóirí tionscadail agus d'infheisteoirí eile chun méadú a dhéanamh ar fhorbairt na dtionscadal ullmhachta cosanta, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach rachaidh an próiseas deonaithe ceadanna a bhaineann leis tionscadail sin thar na teorainneacha ama réamhshocraithe.

(18) Tá an Rialachán seo gan dochar do na hoibleagáidí a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, i gcás inarb ábhartha.

(19) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus ós rud é, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
***Sainmhínithe***

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'tionscadal ullmhachta cosanta' sraith gníomhaíochtaí, infheistíochtaí agus beart arb é is aidhm dóibh ullmhacht cosanta Ballstáit nó roinnt Ballstát de chuid an Aontais a fheabhsú, lena n-áirítear ullmhacht cosanta a fheabhsú tríd an tionscal cosanta a fhorbairt;

(2) ciallaíonn 'tionscal cosanta' gach gnóthas atá ag gabháil d'fhorbairt, táirgeadh agus monarú táirgí a bhaineann le cosaint mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Threoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7];

(3) ciallaíonn 'ullmhacht cosanta' staid ullmhachta Ballstáit nó roinnt Ballstát de chuid an Aontais chun freagairt do ghéarchéim a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (10) de Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], ar géarchéim í a bhaineann le cosaint;

(4) ciallaíonn 'cuideachta mheánchaipitlithe' cuideachta mheánchaipitlithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (15), de Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9];

(5) ciallaíonn 'cuideachtaí meánchaipitlithe beaga' fiontair mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh (AE) 2025/1099 ón gCoimisiún[10]

(6) ciallaíonn 'próiseas deonaithe ceadanna' próiseas lena gcumhdaítear na ceadanna ábhartha uile, lena n-áirítear ceadanna is gá chun tionscadail ullmhachta cosanta a thógáil, a leathnú, a thiontú agus a oibriú agus na céimeanna riaracháin uile is gá ón admháil go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe go dtí go dtugann an pointe teagmhála aonair lena mbaineann fógra faoin gcinneadh críochnaitheach maidir leis an iarratas sin;

(7) ciallaíonn 'tionscnóir tionscadail' aon ghnóthas nó aon chuibhreannas gnóthas a fhorbraíonn tionscadal ullmhachta cosanta;

(8) ciallaíonn 'fiontair bheaga agus mheánmhéide' nó 'FBManna' fiontair bheaga agus mheánmhéide mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[11].

*Airteagal 2*

***Pointe teagmhála aonair***

1. Faoin...[3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], bunóidh nó ainmneoidh gach Ballstát údarás amháin mar phointe teagmhála aonair ar an leibhéal riaracháin ábhartha.

2. Beidh an pointe teagmhála aonair freagrach as an bpróiseas deonaithe ceadanna a éascú agus a chomhordú le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta agus as faisnéis

---

[7] Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/43/oj).

[8] Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/81/oj).

[9] Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/697/oj).

[10] Moladh (AE) 2025/1099 ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2025 maidir leis an sainmhíniú ar chuideachtaí meánchaipitlithe beaga (IO L, 2025/1099, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2025/1099/oj ).

[11] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir leis an sainmhíniú ar mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2003/361/oj).

a sholáthar maidir leis na próisis riaracháin a chuíchóiriú i gcomhréir le hAirteagal 3, lena n-áirítear faisnéis don tionscnóir tionscadail maidir le cathain a mheastar iarratas a bheith comhlánaithe i gcomhréir le hAirteagal 5(6).

3. Is é an pointe teagmhála aonair arna bhunú nó arna ainmniú de bhun mhír 1 an t-aon phointe teagmhála don tionscnóir tionscadail sa phróiseas deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadal ullmhachta cosanta. Tabharfaidh sé fógra don tionscnóir tionscadail faoin gcinneadh críochnaitheach sa phróiseas sin.

4. Ceadófar do thionscnóirí tionscadail aon doiciméad atá ábhartha maidir leis an bpróiseas deonaithe ceadanna a chur isteach i bhfoirm leictreonach.

5. Áiritheoidh na húdaráis inniúla go gcuirfear san áireamh aon staidéir ábhartha a dhéantar nó aon cheadanna nó údaruithe ábhartha a eisítear le haghaidh tionscadal ar leith agus nach mbeidh gá le staidéir, ceadanna ná údaruithe dúbailte, mura gceanglaítear a mhalairt faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh go leor ball foirne cáilithe agus acmhainní leordhóthanacha airgeadais, teicniúla agus teicneolaíocha is gá, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, le haghaidh an uas-scilithe agus an athscilithe, ag an bpointe teagmhála aonair agus na húdaráis náisiúnta uile lena mbaineann atá freagrach as aon chéim feadh na bpróiseas deonaithe ceadanna, lena n-áirítear gach céim ghnásúil, chun a gcuid cúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh go héifeachtach.

7. Déanfaidh na húdaráis atá rannpháirteach sa phróiseas deonaithe ceadanna agus údaráis eile lena mbaineann na ceanglais agus an fhaisnéis uile a iarrfar ar thionscnóir tionscadail a shonrú agus a chur ar fáil don phointe teagmhála aonair lena mbaineann sula gcuirfear tús leis an bpróiseas deonaithe ceadanna.

8. Arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún cúnamh a thabhairt d'údaráis an Bhallstáit sin maidir le fothú acmhainneachta chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin seo, go háirithe maidir le pointe teagmhála aonair a bhunú nó a oibriú.

*Airteagal 3*

***Rochtain ar fhaisnéis ar líne***

Soláthróidh na Ballstáit rochtain phoiblí ar an bhfaisnéis seo a leanas maidir le próisis deonaithe ceadanna atá ábhartha do thionscadail ullmhachta cosanta, ar líne, agus ar bhealach láraithe agus inrochtana:

(a) na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 2(1);

(b) an próiseas deonaithe ceadanna, lena n-áirítear faisnéis maidir le réiteach díospóidí a bhaineann leis an bpróiseas deonaithe ceadanna lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, sásraí malartacha um réiteach díospóidí, má dhéantar foráil maidir leis na nósanna imeachta sin sa dlí náisiúnta;

(c) seirbhísí maoiniúcháin agus infheistíochta;

(d) deiseanna cistiúcháin ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal na mBallstát;

(e) seirbhísí tacaíochta gnó, lena n-áirítear dearbhú cánach corparáide, dlíthe cánach áitiúla nó dlí an tsaothair, ach gan bheith teoranta dóibh sin.

*Airteagal 4*
***Dlús a chur le cur chun feidhme***

Soláthróidh na Ballstáit tacaíocht riaracháin do thionscadail ullmhachta cosanta atá lonnaithe ar a gcríoch, agus aird ar leith á tabhairt ar FBManna agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe, lena n-áirítear cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, atá rannpháirteach sna tionscadail sin, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a sholáthar:

(a) cúnamh maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí riaracháin agus tuairiscithe is infheidhme;

(b) cúnamh do thionscnóirí tionscadail chun an pobal a chur ar an eolas;

(c) cúnamh do thionscnóirí tionscadail le linn an phróisis deonaithe ceadanna, go háirithe do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga.

*Airteagal 5*
***Fad tréimhse an phróisis deonaithe ceadanna***

1. Ní mó ná [60] lá a mhairfidh an próiseas deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta, lena n-áirítear deonú an cheada ábhartha.

2. I gcás ina n-éilítear le tionscadail ullmhachta cosanta go ndéanfaí roinnt saoráidí nó aonad a thógáil ar láithreán amháin, féadfaidh an tionscnóir tionscadail agus an pointe teagmhála aonair teacht ar chomhaontú maidir leis an tionscadal a roinnt ina thionscadail níos lú chun na teorainneacha ama is infheidhme a chomhlíonadh.

3. I gcásanna eisceachtúla, nuair is gá sin de bharr chineál, chastacht, shuíomh nó mhéid an tionscadail ullmhachta cosanta atá beartaithe, féadfaidh an Ballstát síneadh 30 lá ar a mhéad a chur leis na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 1 sula rachaidh siad in éag agus ar bhonn cás ar chás.

4. I gcás ina measfaidh Ballstát go bhfuil rioscaí eisceachtúla ag baint leis an tionscadal ullmhachta cosanta atá beartaithe do shláinte agus sábháilteacht oibrithe nó an phobail i gcoitinne, agus i gcás ina mbeidh gá le ham breise chun a shuí go bhfuil bearta curtha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí is féidir a shainaithint, féadfaidh sé síneadh 6 mhí eile a chur leis na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 1, laistigh de 30 lá ó thús an phróisis deonaithe ceadanna.

5. Agus mír 3 nó 4 á cur i bhfeidhm, cuirfidh an pointe teagmhála aonair an tionscnóir tionscadail ar an eolas i scríbhinn faoi na cúiseanna leis an síneadh agus faoin dáta a bhfuil coinne leis an gcinneadh críochnaitheach.

6. Tráth nach déanaí ná 15 lá ó iarratas ar dheonú ceada a fháil, dearbhóidh an pointe teagmhála aonair lena mbaineann go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe agus go bhfuil feidhm ag an Rialachán seo nó, murar sheol an tionscnóir tionscadail an fhaisnéis uile is gá chun an t-iarratas a phróiseáil, iarrfaidh sé ar an tionscnóir tionscadail iarratas iomlán a chur isteach gan moill mhíchuí, agus sonróidh sé cén fhaisnéis atá in easnamh. Má mheastar go bhfuil an t-iarratas arna chur isteach neamhchomhlánaithe den dara huair, féadfaidh an pointe teagmhála aonair, laistigh de [15] lá ón dara hiarratas a chur isteach, an dara hiarraidh ar fhaisnéis a dhéanamh. Ní iarrfaidh an pointe teagmhála aonair faisnéis i réimsí nach gcumhdaítear sa chéad iarraidh ar fhaisnéis agus ní bheidh sé i dteideal ach tuilleadh fianaise a iarraidh chun an fhaisnéis a sainaithníodh atá in easnamh a chomhlánú. Is é an dáta a dhearbhóidh an t-údarás inniúil náisiúnta iomláine an iarratais ón bpointe teagmhála aonair tús an phróisis deonaithe ceadanna le haghaidh an iarratais sin.

7. Na teorainneacha ama a leagtar síos san Airteagal seo d'aon cheann de na próisis deonaithe ceadanna, beidh siad gan dochar d'aon teorainn ama níos giorra arna leagan síos ag na Ballstáit.

8. I gcás nach gcuirfidh an pointe teagmhála aonair an tionscnóir tionscadail ar an eolas faoi thoradh an phróisis deonaithe ceadanna laistigh den teorainn ama a fhorordaítear le mír 1 agus i gcás ina gcuirfear síneadh leis, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le míreanna 3 agus 4, measfar gur deonaíodh na ceadanna a chumhdaítear leis an iarratas. Déanfaidh an pointe teagmhála aonair deimhniú i scríbhinn a sheachadadh go pras chuig an tionscnóir tionscadail, lena léirítear gur deonaíodh na ceadanna go hintuigthe bunaithe ar an iarratas a cuireadh isteach.

*Airteagal 6*
***Pleanáil***

1. Déanfaidh údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla atá freagrach as pleananna a ullmhú, lena n-áirítear criosú, pleananna spásúlachta agus pleananna úsáide talún, i gcás inar iomchuí, forálacha a chur leis na pleananna sin, maidir le tionscadail ullmhachta cosanta a fhorbairt, chomh maith leis an mbonneagar is gá. Chun forbairt tionscadal ullmhachta cosanta a éascú, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na sonraí ábhartha uile maidir le pleanáil spásúlachta ar fáil ar líne i gcomhréir le hAirteagal 3.

2. I gcás ina mbeidh forálacha le haghaidh forbairt tionscadal ullmhachta cosanta i bpleananna, agus forálacha le haghaidh an bhonneagair is gá ina leith, agus ina mbeidh siad faoi réir measúnú de bhun Threoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] agus de bhun Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle[13], cuirfear na measúnuithe sin le chéile. I gcás inarb infheidhme, tabharfar aghaidh sa mheasúnú comhcheangailte sin freisin ar an tionchar ar na dobharlaigh a bhféadfadh sé go ndéanfaí difear dóibh dá dtagraítear i dTreoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14]. I gcás inarb ábhartha, ina gceanglaítear ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar thionchair na ngníomhaíochtaí atá á ndéanamh anois agus a dhéanfar amach anseo ar an muirthimpeallacht, lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí idir an talamh agus an fharraige, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15], cumhdófar na tionchair sin leis an measúnú comhcheangailte freisin. Má chomhcheanglaítear measúnuithe de bhun na míre seo, ní dhéanfaidh sé sin difear dá n-inneachar ná dá gcáilíocht. Déanfar an measúnú comhcheangailte laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach sa Rialachán seo.

---

[12] Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2001/42/oj).

[13] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

[14] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat i gcomhair gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj).

[15] Treoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat don phleanáil spásúlachta mhuirí (IO L 257, 28.8.2014, lch. 135, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/89/oj).

*Airteagal 7*

***Stádas tosaíochta na dtionscadal ullmhachta cosanta***

Maidir le gach nós imeachta um réiteach díospóidí, dlíthíocht, achomharc agus leigheas breithiúnach chomh maith le gach imeacht riaracháin a bhaineann le tionscadail ullmhachta cosanta os comhair aon chúirt, binse, comhlacht nó painéal náisiúnta, lena n-áirítear maidir le hidirghabháil nó eadráin, i gcás inar ann dóibh sa dlí náisiúnta, caithfear leo mar ábhair phráinneacha, más rud é agus a mhéid a dhéantar foráil sa dlí náisiúnta a bhaineann leis na próisis deonaithe ceadanna ábhartha maidir leis na nósanna imeachta práinne sin agus ar choinníoll go n-urramaítear na cearta is infheidhme maidir le daoine aonair nó pobail áitiúla a chosaint. Beidh tionscnóirí tionscadail tionscadal ullmhachta cosanta rannpháirteach sna nósanna imeachta práinne sin, i gcás inarb infheidhme.

*Airteagal 8*

***Infheidhmeacht Choinbhinsiúin CEE-NA***

Tá an Rialachán seo, i gcás inarb ábhartha, gan dochar do na hoibleagáidí faoi Choinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, arna shíniú in Aarhus an 25 Meitheamh 1998, agus faoi Choinbhinsiún CEE-NA maidir le measúnú tionchair ar an gcomhshaol i gcomhthéacs trasteorann, arna shíniú in Espoo an 25 Feabhra 1991, agus an Prótacal a ghabhann leis maidir le Measúnú Straitéiseach Timpeallachta, a síníodh i gCív an 21 Bealtaine 2003.

*Airteagal 9*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Ní bheidh feidhm aige ach amháin maidir le hiarratais ar chead le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta a chuirfear isteach tar éis an dáta sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*